C/2025/3436

30.6.2025

Glao ar thograí (Uimh. IX-2026/02)

'DEONTAIS DO PHÁIRTITHE POLAITIÚLA EORPACHA'

(C/2025/3436)

ÁBHAR

Leathanach

A. Réamhrá agus creat dlíthiúil 1

B. Cuspóir an ghlao 2

C. Cuspóir, catagóir agus foirm an chistithe 2

D. An buiséad atá ar fáil 3

E. Ceanglais inghlacthachta maidir le hiarratais ar chistiú 3

F. Critéir chun iarratais ar chistiú a mheas 3

F.1. Critéir eisiaimh 3

F.2. Critéir incháilitheachta 4

F.3. Critéir roghnúcháin 4

F.4. Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin 4

G. Rialú comhpháirteach ag Parlaimint na hEorpa agus ag an údarás 4

H. Téarmaí agus coinníollacha 5

I. Uainiú 6

J. Sonraí pearsanta a nochtadh agus a phróiseáil 6

K. Faisnéis eile 7

Iarscríbhinn —
Foirm iarratais ar chistiú 8

A. RÉAMHRÁ AGUS CREAT DLÍTHIÚIL

1. Sonraítear in Airteagal 10(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go 'rannchuidíonn páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach le feasacht pholaitiúil Eorpach a fhoirmiú agus le toil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl'.

2. I gcomhréir le hAirteagal 224 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leagann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle síos na rialacháin lena rialaítear páirtithe polaitiúla ar an leibhéal Eorpach agus go háirithe na rialacha a bhaineann lena gcistiú. Leagtar síos na rialacha sin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), mar a leasaíodh ina dhiaidh sin.

3. De bhun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, is 'eintiteas fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe go foirmiúil le páirtí polaitiúil Eorpach, atá cláraithe leis an Údarás i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Rialachán seo, agus a dhéanann trína gníomhaíochtaí, faoi réir bhrí na n-aidhmeanna agus na luachanna bunúsacha a shaothraíonn an tAontas Eorpach, bonn taca a thabhairt do chuspóirí an pháirtí pholaitiúil Eorpaigh, agus na cuspóirí sin a chomhlánú, trí cheann amháin nó roinnt de na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích':

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1. Foilsíodh dhá leasú in IO L 114 I, 4.5.2018, lch. 1, agus in IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 7.

4. De bhun Airteagal 17(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, maidir le fondúireacht pholaitiúil Eorpach atá cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach atá incháilithe le hiarratas a chur isteach ar chistiú faoi mhír 1, atá cláraithe i gcomhréir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta an leagtar síos sa rialachán agus nach bhfuil i gceann de na cásanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 138(1) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh sí cur isteach ar chistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a fhoilseoidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa i nglao ar thograí.

5. Dá bhrí sin, tá an glao seo ar thograí á sheoladh ag Parlaimint na hEorpa d'fhonn deontais a dhámhachtain d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ('glao') don bhliain airgeadais 2026.

6. Sainítear an creat bunúsach dlí sna gníomhartha dlíthiúla seo a leanas:

   (a) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

   (b) Cinneadh ó Bhiúró Pharlaimint na hEorpa an 1 Iúil 2019, lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([2]) ('Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019');

   (c) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ('an Rialachán Airgeadais') (athmhúnlú) ([3]).

   (d) Rialachán Tarmligthe (AE, Euratom) 2015/2401 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2015 maidir hinneachar agus feidhmiú Chlár na bpáirtithe agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([4]);

   (e) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2246 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2015 maidir le forálacha mionsonraithe i ndáil leis an uimhirchóras clárúcháin is infheidhme i ndáil le clár na bpáirtithe polaitiúla Eorpacha agus na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus le faisnéis arna soláthar ag sleachta caighdeánacha ón gclár ([5]);

   (f) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa ([6]).

B. CUSPÓIR AN GHLAO

7. Is é is cuspóir don ghlao seo cuireadh a thabhairt d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha cláraithe iarratais ar chistiú ó bhuiséad an Aontais ('iarratais ar chistiú') a chur isteach agus cineál na gcostas incháilithe a chinneadh agus Airteagal 25(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 agus Airteagal 208(2) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm.

C. CUSPÓIR, CATAGÓIR AGUS FOIRM AN CHISTITHE

8. Is é is cuspóir don mhaoiniú tacú le clár oibre na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026 faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú deontais atá le tabhairt i gcrích idir an páirtí polaitiúil Eorpach is tairbhí agus Parlaimint na hEorpa.

9. Is ionann catagóir an chistithe agus an deontas d'fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, de bhun Theideal XI den Rialachán Airgeadais ('deontas'). Tá an deontas i bhfoirm aisíocaíochta ar chéatadán de na costais incháilithe arna thabhú iarbhír.

10. Ní sháróidh an t-uasmhéid a íocfaidh Parlaimint na hEorpa leis an tairbhí 95 % de na costais incháilithe arna léiriú sa bhuiséad measta ná 95 % de na costais incháilithe a tabhaíodh iarbhír.

([2]) IO C 249, 25.7.2019, lch. 2.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 333, 19.12.2015, lch. 50.
([5]) IO L 318, 4.12.2015, lch. 28.
([6]) Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa. https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/RULES-10-2025-01-20-TOC_GA.html.

D. AN BUISÉAD ATÁ AR FÁIL

11. Is ionann an cistiú atá beartaithe don bhliain airgeadais 2026 faoi Airteagal 403 de bhuiséad Pharlaimint na hEorpa 'Cistiú fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha' agus EUR 25 000 000 mar a mholtar i réamhdhréacht de mheastacháin Pharlaimint na hEorpa. Bunóidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe atá ar fáil agus atá le dáileadh sa bhuiséad formheasta deiridh don bhliain 2026.

E. CEANGLAIS INGHLACTHACHTA MAIDIR LE HIARRATAIS AR CHISTIÚ

12. Beidh iarratais ar chistiú inghlactha más rud é:

(a) go gcuirtear isteach iad i scríbhinn agus úsáid á baint as an bhfoirm iarratais atá i gceangal leis an nglao seo, lena n-áirítear na doiciméid tacaíochta go léir a éilítear ann;

(b) go bhfuil an gealltanas iontu, an gealltanas ann, arna chur in iúl i scríbhinn tríd an bhfoirm dearbhaithe atá san áireamh sa chomhad iarratais ar chistiú a luaitear faoi mhír 13 a shíniú, go n-aontaíonn an t-iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha chomh maith leis na critéir eisiaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 1b a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019;

(c) go bhfuil litir iontu ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlíthiúla lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin thar ceann an iarratasóra;

(d) go seoltar iad chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa **faoin 30 Meán Fómhair 2025**, mar chóip leictreonach nó mar chóip leictreonach (ina bhfuil síniú leictreonach cáilithe ([7])) chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu trí úsáid a bhaint as ardán CoFile ([8]). Ní mór doiciméid tacaíochta (go háirithe táblaí) a chur isteach i bhformáid inathraithe, Excel más féidir.

13. Iarrtar ar iarratasóirí úsáid a bhaint as an gcomhad iarratais ar mhaoiniú a chuirtear ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa, agus na treoracha atá san áireamh ann (https://www.europarl.europa.eu/contracts-and-grants/en/list-of-notices/).

Má éilítear síniú, ní mór é a bheith lámhscríofa nó ríomhshínithe cáilithe (QES), agus ní mór QES a bheith i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ríomhaitheantas agus Seirbhísí Iontaobhais (eIDAS) ([9]).

Déanfar na hiarratais a chur isteach go leictreonach; i gcás ina bhfuil sínithe lámhscríofa ar phíosaí áirithe doiciméadachta, déanfaidh an t-iarratasóir aon doiciméad bunaidh a choimeád agus a thabhairt ar aird arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa.

F. CRITÉIR CHUN IARRATAIS AR CHISTIÚ A MHEAS

F.1. **Critéir eisiaimh**

14. Déanfar iarratasóirí a eisiamh ón nós imeachta cistiúcháin, más rud é go bhfuil siad:

(a) i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 138(1) nó in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais;

(b) cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 144 den Rialachán Airgeadais;

(c) faoi réir aon cheann de na smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 27(1) agus in Airteagal 27(2)(a), pointí (v), (vi) agus (vii) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

([8]) https://cofile.europarl.europa.eu/login.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

F.2. **Critéir incháilitheachta**

15. Chun bheith incháilithe do chistiú ón Aontas, ní mór d'iarratasóirí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a chomhlíonadh, i.e. maidir leis an iarratasóir

(a) ní mór é a bheith cláraithe leis an Údarás um Páirtithe Polaitiúla Eorpacha agus um Fhondúireachtaí Polaitiúla Eorpacha ([10]) ('an tÚdarás') i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014;

(b) ní mór dó a bheith cleamhnaithe le páirtí polaitiúil Eorpach cláraithe;

(c) ní mór na hoibleagáidí a liostaítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 a bheith á gcomhlíonadh aige, i.e. ní mór dó na ráitis airgeadais bhliantúla ([11]), an tuarascáil iniúchóireachta seachtraí agus liosta na ndeontóirí agus na rannchuiditheoirí, mar atá sonraithe ann, a bheith curtha isteach aige;

F.3. **Critéir roghnúcháin**

16. De bhun Airteagal 201 den Rialachán Airgeadais'na foinsí cistiúcháin atá ag an iarratasóir, beidh siad cobhsaí leordhóthanach chun a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht a choinneáil ar siúl ar feadh na tréimhse ar lena linn a dámhadh an deontas agus chun bheith rannpháirteach ina cistiú ('cumas airgeadais'). Beidh na hinniúlachtaí gairmiúla agus na cáilíochtaí gairmiúla is gá ag an iarratasóir chun an ghníomhaíocht nó an clár oibre atá beartaithe a chur i gcrích mura bhforáiltear a mhalairt sa bhunghníomh ('acmhainn oibríochtúil').

F.4. **Critéir maidir le dámhachtain agus dáileadh cistiúcháin**

17. I gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, déanfar na leithreasuithe faoi seach atá ar fáil a dháileadh go bliantúil. Dáilfear iad ar na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar formheasadh a n-iarratais ar chistiú i bhfianaise na gcritéar incháilitheachta agus eisiaimh, ar bhonn na heochrach leithdháilte seo a leanas:

(a) dáilfear 10 % ina scaireanna comhionanna i measc na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha is tairbhithe;

(b) dáilfear 90 % i measc na bhfondúireachtaí polaitiúla Eorpacha is tairbhithe i gcomhréir le sciar chomhaltaí tofa Pharlaimint na hEorpa de na páirtithe polaitiúla Eorpacha is tairbhithe a bhfuil na hiarratasóirí cleamhnaithe leo.

G. RIALÚ COMHPHÁIRTEACH AG PARLAIMINT NA HEORPA AGUS AG AN ÚDARÁS

18. Foráiltear le hAirteagal 24(1) agus (2) ([12]) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 do rialú comhroinnte idir Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás.

([10]) Arna bhunú de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

([11]) Mura raibh an t-iarratasóir faoi réir an rialaithe faoi Airteagal 23 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 (mar shampla: nuachruthaithe, etc.).

([12]) Airteagal 24(1) agus (2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 — Rialacha ginearálta maidir le rialú:
'1. Déanfar rialú ar na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha a fheidhmiú i gcomhar leis an Údarás, le hOifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit inniúla.
2. Déanfaidh an tÚdarás rialú ar a oibleagáidí faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha, go háirithe maidir le hAirteagal 3, pointe (a), pointe (b), agus pointe (d) go pointe (f) d'Airteagal 4(1), pointe (a) go pointe (d) agus pointe (g) d'Airteagal 5(1), Airteagal 9(5) agus (6), agus Airteagail 20, 21 agus 22.
Déanfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa rialú ar na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais faoin Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh ag na páirtithe polaitiúla Eorpacha agus ag na fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Agus an rialú sin á chur i gcrích, déanfaidh Parlaimint na hEorpa na bearta is gá i réimsí chosc agus chomhrac na calaoise a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais.

19. Más rud é, de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, go bhfuil an tÚdarás inniúil chun comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin sin a rialú, cuirfidh Parlaimint na hEorpa na hiarratais ar chistiú ar aghaidh chuig an Údarás.

20. Ag gach céim den nós imeachta um dhámhachtain, leanfar de cheangal ar iarratasóirí faoi Airteagal 24(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 aon fhaisnéis is gá a sholáthar, arna iarraidh sin d'Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa agus don Údarás, chun na rialuithe a bhfuil sé freagrach astu a chur i gcrích agus san fhormáid a iarradh.

H. TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

21. Tá sé d'oibleagáid ar iarratasóirí fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa faoi aon athruithe maidir leis na doiciméid a thíolacfar nó maidir le haon fhaisnéis dá dtagraítear san iarratas laistigh de choicís ón athrú sin. In éagmais fógra den sórt sin, féadfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a thíolacfar, d'ainneoin aon fhaisnéis a sholáthrófar ag céim níos déanaí nó a fhoilseofar trí bhealaí eile.

22. Maidir leis an gcoinníoll go leanann an t-iarratasóir de na critéir maidir le maoiniú a chomhlíonadh, is ar an iarratasóir a bheidh an dualgas cruthúnais.

23. Leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le cistiú ón Aontas atá le dámhachtain faoin nglao seo in Iarscríbhinn 1b a ghabhann le Cinneadh ón mBiúró an 1 Iúil 2019 agus sonraítear sa chomhaontú ranníocaíochta iad. Agus Airteagal 25(1) de Rialachán Uimh. 1141/2014, Airteagal 163(1) agus (2) agus Airteagal 208(2) den Rialachán Airgeadais á gcur i bhfeidhm, soiléirítear leis an nglao seo na téarmaí agus na coinníollacha sin mar a leanas: ní mór don chaiteachas atá le cumhdach leis an gcistiú a bhronntar faoin nglao seo na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) beartas pearsanra:

(i) ba cheart na costais iomlána phearsanra a chomhordú go réasúnta i gcomparáid leis na costais oibríochtúla;

(ii) cuirtear an plean foirne in oiriúint do na riachtanais eagraíochtúla agus oibríochtúla;

(iii) is iad na comhlachtaí rialaithe iomchuí a dhéanann an cinneadh maidir le hearcú agus luach saothair, de réir reachtanna agus rialacha inmheánacha sonracha an tairbhí, bunaithe ar an dea-chleachtas agus ar phrionsabail ghinearálta amhail trédhearcacht, cóir chomhionann, easpa coinbhleachta leasa;

(iv) cuirtear na meánrátaí ar an margadh fostaíochta ábhartha san áireamh sna rátaí luacha saothair agus sna sochair imeallacha eile (más ann dóibh);

(b) nósanna imeachta soláthair do chonarthaí os cionn EUR 60 000 in aghaidh an tsoláthraí:

(i) ní mór critéir na nithe seo a leanas *inter alia* a bheith sna cuirí i scríbhinn chun tairiscintí a chur isteach (glao ar thairiscintí): critéir eisiaimh, critéir roghnúcháin (e.g. acmhainn íosta airgeadais agus theicniúil), critéir dhámhachtana (praghas agus cáilíocht nó praghas amháin) agus sonraíochtaí teicniúla (soláthairtí insoláthartha a bhfuiltear ag súil leo, etc.) nach mór do thairbhithe tairiscintí a mheasúnú ina leith; ní mór don ghlao ar thairiscintí a chur de cheangal ar thairgeoirí tairiscintí a sholáthar atá dátaithe, sínithe agus lena n-áirítear praghsanna in aghaidh an aonaid (más infheidhme), agus doiciméid tacaíochta eile lenar féidir na tairiscintí a chur i gcomparáid lena chéile;

(ii) ní mór an glao ar thairiscintí a sheoladh/a fhoilsiú trí bhealaí iomchuí, chun scaipeadh leormhaith agus an comórtas is leithne is féidir a áirithiú; ní mór dóibh spriocdhátaí réasúnta a leagan síos (10 lá ar a laghad más féidir) chun iarratais/tairiscintí a chur isteach agus aon choinbhleacht leasa a sheachaint;

(iii) ní mór an mheastóireacht ar na tairiscintí a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar síos sa ghlao ar thairiscintí; ní mór aird a tharraingt sa tuarascáil mheastóireachta ar bhuntáistí comparáideacha na tairisceana ar éirigh léi i gcomhréir leis na critéir sin; ní mór é a bheith sínithe agus dátaithe ag ionadaí/ionadaithe an tairbhí sa nós imeachta lena seachnófar aon choinbhleacht leasa;

(iv) ní mór don dá pháirtí na conarthaí a shíniú agus a dhátú agus ní mór na téarmaí céanna a bheith iontu agus atá sa tairiscint; féadfar síntí a áireamh san fhad tréimhse, ach tá sé teoranta do 5 bliana san iomlán;

(v) níor cheart deighilt shaorga conarthaí a úsáid chun dul timpeall ar na rialacha maidir le soláthar;

(vi) ba cheart méid na fochonraitheoireachta a choinneáil chomh híseal agus is féidir agus ní mór don fhochonraitheoir leanúint de bheith trédhearcach.

24. Glacfaidh gach iarratasóir leis na téarmaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 21 a ghabhann leis 23an méid thuas tríd an bhfoirm dearbhaithe atá san áireamh sa chomhad iarratais ar chistiú dá dtagraítear i mír a shíniú 13.

I. UAINIÚ

25. Is é an **30 Meán Fómhair 2025** an spriocdháta chun na hiarratais ar chistiú a chur isteach.

26. Glacfaidh Oifigeach Údarúcháin Pharlaimint na hEorpa cinneadh laistigh de thrí mhí tar éis dhúnadh an ghlao ar thograí. Tar éis an chinnidh sin, cuirtear cinntí aonair arna síniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in iúl do na hiarratasóirí.

27. Táthar ag súil go bhfaighidh na hiarratasóirí a n-éireoidh leo an dréacht-chomhaontú deontais i mí Eanáir 2026 lena shíniú. Féadfar an comhaontú deontais a shíniú le ríomhshíniú cáilithe (QES) arna iarraidh sin. Tar éis don chomhaontú a bheith sínithe, íocfar an réamh-mhaoiniú i gcomhréir leis an sceideal a bhunaítear in Airteagal I.5. de.

J. SONRAÍ PEARSANTA A NOCHTADH AGUS A PHRÓISEÁIL

28. Foilseoidh Parlaimint na hEorpa agus an tÚdarás, lena n-áirítear ar an idirlíon, faisnéis de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014.

29. Déanfar aon sonraí pearsanta a bhaileofar i gcomhthéacs an ghlao seo a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ([13]) agus de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE. Euratom) Uimh. 1141/2014.

30. Déanfar na sonraí sin a phróiseáil chun meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar chistiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá an méid sin gan dochar d'aistriú féideartha na sonraí sin chuig na comhlachtaí atá freagrach as cúraimí fíorúcháin agus iniúchóireachta a chur i gcrích i gcomhréir le dlí an Aontais, amhail seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí de chuid Pharlaimint na hEorpa, an Údaráis, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

31. Ar bhonn iarraidh i scríbhinn, féadfaidh aon duine nádúrtha a bhaineann leis an tairbhí rochtain a fháil ar a shonraí pearsanta nó ar a sonraí pearsanta agus aon sonraí míchruinne nó neamhiomlána a cheartú. Féadfar an iarraidh maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a chur faoi bhráid Ard-Stiúrthóireacht Airgeadais Pharlaimint na hEorpa nó Oifigeach Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh an duine lena mbaineann, tráth ar bith, gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta.

([13]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

32. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa sonraí pearsanta a chlárú sa Chóras Luathbhraite agus Eisiaimh i gcás ina mbeadh an tairbhí i gceann de na cásanna a luaitear in Airteagal 138(1) agus in Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais.

K. FAISNÉIS EILE

33. Ba cheart aon cheisteanna a bhaineann leis an nglao seo a sheoladh trí ríomhphost, agus tagairt an fhoilseacháin á lua, chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: fin.part.fond.pol@europarl.europa.eu

34. Cuirtear an reachtaíocht bhunúsach a shonraítear i mír 6(b) den ghlao seo agus den chomhad iarratais ar mhaoiniú ar fáil ar shuíomh gréasáin Pharlaimint na hEorpa (http://www.europarl.europa.eu/tenders/invitations.htm).

IARSCRÍBHINN

AN FHOIRM IARRATAIS AR CHISTIÚ

Chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa Faoi chúram Didier Kléthi, Ard-Stiúrthóir Airgeadais

Tá [cuir isteach ainm an iarratasóra], arna ionadú go dlíthiúil ag [cuir isteach ainm an ionadaí/na n-ionadaithe] ag déanamh iarratais leis seo ar chistiú don bhliain airgeadais 2026 faoi ghlao Uimh. IX-2026/02 ar mhéid [cuir isteach an méid ([1])], agus ag deimhniú go bhfuil na doiciméid seo a leanas á gcur ar fáil leis an iarratas.

Uimh.	Doiciméid atá le soláthar ([2])	Tá/n. b.
1.	Litir ó ionadaí dlíthiúil nó ó ionadaithe dlíthiúla lena ndeimhnítear an t-údarú oibleagáidí dlíthiúla a ghlacadh air féin nó uathu féin thar ceann an iarratasóra	
2.	Liosta de na daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu ar an eagraíocht is iarratasóir, amhail an tUachtarán, comhaltaí an Bhoird, an tArd-Rúnaí, an Cisteoir, lena n-áirítear tagairt d'fhorálacha ábhartha Reachtanna an iarratasóra	
3.	Cruthúnas ar chlárú ag an Údarás um páirtithe polaitiúla Eorpacha agus um fhondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ar dháta an iarratais ar chistiú (i gcás iarratasóirí nach bhfuil an cinneadh maidir le clárú ar fáil go poiblí ina leith go fóill, i.e. nár foilsíodh fós ar shuíomh gréasáin an Údaráis ná san Iris Oifigiúil), agus dóibh siúd amháin,	
4.	Clár oibre mionsonraithe ina leagtar amach gníomhaíochtaí arna n-aicmiú i gcomhdhálacha, seimineáir, foilseacháin, etc. Áirítear i ngach catagóir sonraí sonracha amhail ábhar, amlíne, suíomh ainmnithe (cathair agus/nó tír), agus an lucht féachana nó na rannpháirtithe atá beartaithe	
5.	Dearbhú ón ionadaí dlíthiúil maidir leis na sonraí bainc, lena n-áirítear foirm aitheantais airgeadais atá comhlánaithe go cuí (ní dhéanfar an fhoirm sin a chomhlánú ach amháin i gcás iarratasóir nua NÓ d'iarratasóirí ar tharla athrú ar a n-ainm, ar a seoladh nó ar an gcuntas bainc ina leith i gcomparáid leis an gcleachtadh roimhe sin)	
6.	Dearbhú maidir le téarmaí agus coinníollacha ginearálta maille le critéir eisiaimh	
7.	Buiséad measta (comhardaithe)	
8.	Dearbhú go bhfuil an t-iarratas á thíolacadh trí pháirtí polaitiúil Eorpach cleamhnaithe	

Iarann [cuir isteach ainm an iarratasóra] go ndéanfar an cistiú a íoc [in íocaíocht aonair an LL.MM.2026 / laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe] NÓ [i 4 thráthchuid laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe, i mí Aibreáin 2026, i mí Iúil 2026 agus an chuid eile i mí Dheireadh Fómhair 2026].

Dáta agus áit; Síniú/Sínithe:

([1]) Ní mór an méid sin a bheith ag teacht leis an bhfigiúr a thaispeántar i líne D.1.2 den bhuiséad measta (doiciméad Uimh. 8 den chomhad iarratais ar mhaoiniú).

([2]) Cuirtear teimpléid ar fáil ar shuíomh gréasáin PE le haghaidh mhíreanna 2, 6, 7, 8, agus 9 (https://www.europarl.europa.eu/contracts-and-grants/ga/list-of-notices/).